SCOIL PBOBAIL BAINCÉIREACHT POIBLÍ NA HÉIREANN

Bunaíodh Scoil Phobail Baincéireacht Poiblí na hÉireann in mí Meitheamh 2013. Ag am á bhunaithe, bhí sé mar bunaidhm ag lucht a bhunaithe, eolas leathan I leith Baincéireacht Poiblí a roinnt leis an bpobal. Bhí sé, agus tá sé fós, riachtannach go dtiochfheadh daoíní ar an dtuisceant go bhfuil éagsúlacht mhór idir bhancéireacht phríobháideah , é atá againn in Éirinn I gcónaí le tamall anuas, ar thaobh amháin, agus BHANCÉIREACHT POIBLÍ ,ar an dtaobh eile, córas baincéireachta atá I réim I dtíortha áirithe,go mórmór sna tíortha BRIC agus sa Ghearmáin , ach go háirithe. Tá córas Baincéireachte Poiblí ag obair go leanúnach I Stáit Dakota Thuaidh ón mbliain 1919. Sa bhliain 2013, tá suas le scór stáit de chuid na Stáit Aontaithe, ag ullmhú scéimeannaí gnó I dtaobh Baincéireacht Poiblí , féachaint córas BP a chur I bhfeidhm dóibh fhéin. Ar fúd an domhain, tá thart ar 40% de bhancéireacht uilig, de dhéantús bancéireacht Poiblí

Sí an Dr. Ellen De Brún, an príomh moltóir ar dhomhain bfhéidir, ar chúrsaí Baincéireacht Poiblí. Seachas Í a bheith foilsithe deich nuair cheanna féin , le tamall de bhlianta anuas tá scríobhneoireachtaí an dlíadóra lán cháilithe seo,dírithe nach mór in iomlán ar stair bhancéireacht I gcoitinne, agus ar Bhancéireacht Poiblí ach go háirithe. Ar dtús,chuir sí amach ‘’WEB OF DEBT’’, sár leabhar le léamh, agus fiú a shárú san I Leith na tuisceanna a dheineann sí a

roinnt linn ar stair agus ar lochtanna an chórais baincéireachta príobháideach, an córas atá freagrach as mórán dfhadhbanna airgaidais na tíre seo anois, agus go leor leor tíortha eile , dála An Ghréig agus an Chipir.

Chun leanúint ón WEB OF DEBT, chuir an Dr. De Brún amach go luath I mbliana, (AN RÉITEACH DE RÉIR BAINCÉIREACHT POIBLÍ) ……''THE PUBLIC BANK SOLUTION''. Seo leabhar eile atá riachtannach do ghach éinne ar mhaith leo Baincéireacht Poiblí á thuiscint. Tugadh cuireadh don Dr De Brún teacht go hÉirinn, chun a cuid eolais a roinnt linn. Tháinig sí anseo I mí Dheire Fomhair, agus tá cuid dá cuid cainnteanna le feiscint ar an suíomh seo. Táimíd buíoch dí, as á teacht anseo, chun an díospóireacht a chothú., agus chun a cuid taithí a roinnt linn. Tuigimid an tsár iarracht pearsanta a bhí riachtannach aici chun bheith anseo, go gairid indiaidh obráid, agus in aineoin á bhí dá ciapadh I gcónaí.

Anois, tá an Scoil Phobail ag díriú ar chóras BP a bhéadh réadach agus oiriúnach do Éirinn. Táimíd den tuaram go noireann córas SPARKASSEN na Gearmáine ar bhealach ar Leith. Agus é sin in aigne againn, tá sé beartuithe ,an Dr Keidel a bheith anseo in Éirinn ar an 27/28 Feabhra 14, chun go bpléimíd leis, an corás Sparkassen. In a theannta san beidh Chrstopher Simpson , ó Shasanna, fear a dhein staidéar ar an gcóras Sparkassen I leith a hoiriúnacht don Bhreatan.

Táimíd ag súil go mbeidh lá mór tábhachtach ann, ar an 28 Fea, agus muid ag ceapadh go mbeidh an eachtra,

suimiúlach ag go leor daoiní, go mórmór muintir gnó agus muintir na gcomhar creidhmheasa. Féach ar an suíomh anseo, chun a thuilleadh eolais a fháil I Leith an Dr Keidel, agus I Leith Ch. Simpson, agus I Leith an chórais Sparkassen a bhéas a phlé againn amach anseo.

Má tá aon tsuim agat I gcúrsaí BANCÉIREACHT POIBLI , beidh fáilte romhat ar an scoil phobail , agus fáilte ar leith romhat ar an 28 Fea 2014. A thuilleadh eolais le teacht.

BÉIMÍD AG SÚIL LE SCÉAL NÓ LE CEIST UAIT.

publicbankingineirinn@yahoo.ie

Féach anseo ar na ‘’ceangailt’’: tá agallamh fíor thábhachtach ann idir Max Keiser and Greg Palast, agus ceann eile de chuid Elisabeth Warren. Tá aneolas anseo comhmaith ó Anthony Migchels. Féach ar google le haghaidh ‘’eirebank’’.

Gach atá anseo, is le haghaidh eolas agus le haghaidh oideachas é.

Coinnigh id aigne é seo: suas le 40% de luach ghach aon ní a cheannaíon duine , is ábhar Úis é do na banc phríobháideach.Tá an 40% sin ann don phobal ach an córas a dhéanamh lán poiblíoch: is ionann é sin agus á rá nach mbéadh aon ghá le cáin ar bith, NÓ go mbéadh 40% sa bhreis le caitheamh ar sheirhísí don pobal uilig.